



An bealach le d'antaibheathaigh a thógáil

Cad is antaibheathaigh ann?

Cógais is ea antaibheathaigh a úsáidtear chun cóir a chur ar ionfhabhtuithe a thagann as baictéir. Oibríonn antaibheathaigh trí bhaictéir a mharú. Má tá tú le hobráid a fháil, athchur cromáin nó máinliacht putóige mar shampla, ordófar antaibheathaigh duit ag am na máinliachta chun ionfhabhtú a chosc.

Ní oibríonn antaibheathaigh in aghaidh *ionfhabhtuithe a thagann ó víris*, ar nós gnáthshlaghdán, fliú, formhór na gcineálacha casachta nó scornach tinn.

Conas a thógfaidh mé m'antaibheathaigh?

Is iondúil gur piollaí a bhíonn sna hantaibheathaigh a chaitear a shlogadh. Ach sin ráite, tugtar in amanna iad mar bhraonta, lóis nó ungdadh ar an chraiceann, sa tsúil nó sa chluas. Inseoidh do dhochtúir, d'altra nó do chógaiseoir duit cén chaoi agus cén t-am le d'antaibheathaigh a thógáil. Mura mbeidh tú cinnte, cuir ceist. Bain úsáid as na hantaibheathaigh mar a hordaíodh iad, le do thoil, agus tóg iad ag na hamanna a deir do dhochtúir nó do chógaiseoir leat. Is féidir antaibheathaigh a thabhairt freisin trí instealladh isteach i bhféith. Is iondúil go ndéantar é sin i gcás daoine a bhfuil ionfhabhtú an-trom acu nó daoine atá ar tí dul faoi scian.

Má tá antaibheathaigh agat nach bhfuil úsáidte ar aon chúis, iarr ar do chógaiseoir fáil réidh leo.

Ná tabhair d'antaibheathaigh riamh dod chairde, baill teaghlaigh nó peataí agus ná coinnigh antaibheathaigh nár úsáideadh.

An bhfuil aon rud ba cheart dom a dhéanamh má bhíonn antaibheathach ordaithe dom?

Ní mór duit labhairt le do dhochtúir nó le do chógaiseoir faoi aon chógais eile a bheadh á thógáil agat, nó faoi aon riochtaí sláinte eile.

Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:

- **An bhfuil aon mhíochnú eile á thógáil agat?**



Tá sé tábhachtach go n-inseofaí do dhochtúir nó do chógaiseoir faoi aon chógais eile nó leigheasanna luibhe atá tú a thógáil sula dtosóidh tú ar antaibheathaigh. Tá antaibheathaigh in ann cur isteach ar chógais eile – mar shampla, tanaitheoirí fola ar nós Warfarin, agus cógais ar nós 'staitíní' a úsáidtear chun colaistéaról ard a chóireáil. Lena chois sin tá cógais ann a chuireann isteach ar antaibheathaigh áirithe, forlíonta cailciam mar shampla .

- **An bhfuil tú torrach nó ag tabhairt cothú cíche?**

Tá roinnt antaibheathach ann nach bhfuil oiriúnach má tá tú torrach nó ag tabhairt cothú cíche.

- **An bhfuil fadhbanna agat leis an ae nó leis na duáin?**

Tá cuid de na hantaibheathaigh nach n-oibríonn, nó go bhféadfadh gá a bheith le dáileog dhifriúil díobh, má tá fadhbanna agat leis an ae nó leis na duáin.

- **An bhfuil aon ailléirgí agat?**

Ní bhaintear úsáid as antaibheathaigh áirithe má bhíonn baol ann go bhfuil ailléirge ort ina leith.

- **An raibh ionfhabhtú putóige C diff (*Clostridium difficile*) san am atá caite?**

Is féidir le hantaibheathaigh an t-ionfhabhtú C diff a thabhairt ar ais.

Má bhíonn ceisteanna agat nó amhras ort, labhair i gcónaí le do dhochtúir nó do chógaiseoir.

An mbíonn seachthorthaí díobhálacha ar antaibheathaigh?

Is iad na seachthorthaí is coitianta a bhíonn ar antaibheathaigh ná buinneach, pian boilg, tinneas boilg agus cur amach. D'fhéadfadh cuid de na hantaibheathaigh do chraiceann a dhéanamh níos goilliúnaí don ghrian. Má dhéanann an t-antaibheathach tinn tú, labhair le do dhochtúir, do chógaiseoir nó d'altra.

Tá daoine ann a fhaigheann truis (caindide) sa bhéal nó ina bhfaighin. Ionfhabhtú fungasach is ea truis a dtugtar ionfhabhtú giosta air amanna. Tarlaíonn sé sin mar gur féidir le hantaibheathaigh baictéir 'mhaithe' atá i do chorp a mharú. Cuidíonn baictéir mhaithe chun stop a chur le fás an fhungais. Labhair le do dhochtúir, do chógaiseoir nó d'altra má



fhaigheann do bhéal nó d'fhaighinn tinn nó má thagann cóta bán air agus tú ar antaibheathaigh.

D'fhéadfadh antaibheathaigh rófhás den bhaictéar C diff (*Clostridium difficile*) a chothú i do phútóg. Is féidir leis sin droch-bhuinneach uisciúil a chur ort le pian agus crampaí boilg. Tá sé in ann tarlú má bhíonn tú ag tógáil antaibheathach agus fiú suas go dtí roinnt míonna tar éis duit d'antaibheathaigh a chríochnú. Má thagann buinneach ort atá an-trom nó a mhaireann níos mó ná lá nó dhó agus tú ag tógáil antaibheathach, déan teagmháil le do dhochtúir.

Má tá ailléirge ort i leith antaibheathach, peinicillin mar shampla, d'fhéadfá gríos agus tochas a fháil nó, i gcásanna an-tromchúiseacha, d'fhéadfá deacrachtaí anála a fháil. Má fhaigheann tú deacracht anála go tobann tar éis antaibheathach a thógáil, ba chóir duit labhairt le dochtúir nó le haltra láithreach. Mura bhfuil tú san ospidéal nuair a tharlaíonn sé sin, cuir fios ar otharcharr láithreach.

Cad is brí le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach agus conas ar féidir liom cuidiú chun é a chosc?

Frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach is ea nuair a thagann athrú ar bhaictéir ar bhealach éigin agus nach maraíonn an t-antaibheathach iad. Is féidir le baictéir athrú go han-tapa, agus má fhaigheann siad frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach, ní bheidh feidhm níos mó leis an antaibheathach a bhíodh á marú roimhe sin. Is minic go dtugtar 'tarbhfhridí' ar na baictéir sin. Áirithe sna samplaí de tharbhfhridí tá MRSA agus CPE.

Chun cuidiú le cosc a chur le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach, na tóg antaibheathaigh ach amháin nuair a bheidh gá agat leo. Má thógann tú antaibheathaigh agus gan gá agat leo, b'fhéidir nach n-oibreodh siad chomh maith céanna nuair a bheidh gá agat leo.

Tá a lán baictéar ann cheana féin atá i bhfad níos deacra a mharú le hantaibheathaigh ná mar a bhíodh cúpla bliain ó shin. Má leanann na baictéir orthu ag 'cloí' na n-antaibheathach, b'fhéidir go rithfimis amach as bealaí chun na baictéir sin a mharú.



Drochrud is ea frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach d'aon duine a bhfuil antaibheathach tógtha acu, ach tá sé go dona freisin d'aon duine a d'fhéadfadh an baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach a tholg ina dhiaidh sin.

Ná tóg antaibheathaigh mura mbeidh siad ordaithe ag do dhochtúir, agus bí cinnte go dtógfaidh tú iad díreach mar a dúradh leat.

Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS.

Foilsithe: Eanáir 2019